11.9.2020 A9-0138/102

**Leasú 102**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 50**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 50. ***á iarraidh ar údaráis na Polainne an Gníomh an 15 Meán Fómhair 2017 maidir leis an Institiúid Náisiúnta um Shaoirse - Ionad um Fhorbairt na Sochaí Sibhialta [95 ,96], a mhodhnú, chun rochtain ar chistiú stáit do ghrúpaí ríthábhachtacha na sochaí sibhialta ar leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, agus*** dáileadh cóir, neamhchlaonta agus trédhearcach cistí poiblí ***ar an tsochaí shibhialta a áirithiú***, ***rud lena n-áiritheofar ionadaíocht iolraíoch [97] ; á iarrraidh an athuair*** ar chistiú ***leormhaith a chur ar fáil do na*** heagraíochtaí ***lena mbaineann trí ionstraimí cistiúcháin éagsúla ar an leibhéal Eorpach, amhail sraith luachanna an Aontais*** den ***Chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus treoirthionscadail an Aontais***; ***á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil Comhaltaí na Polainne*** de ***Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ag tabhairt aghaidh ar bhrú polaitiúil do na gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi chúram a sainorduithe[98]*** ; | 50. ***á chur i bhfáth go n-áirithítear go hiomlán, faoi chuimsiú na reachtaíochta*** atá ann cheana, dáileadh cothrom, neamhchlaonta agus trédhearcach na gcistí poiblí, ***agus go rialaítear an nós imeachta maidir le cistí a leithdháileadh freisin leis an Acht um an Institiúid Náisiúnta um Shaoirse***; ***ag tabhairt dá haire, i gcomhréir leis an nós imeachta, go ndéanann beirt saineolaithe seachtracha measúnú ar gach iarratas ar*** chistiú, ***agus go ndéantar comhairliúchán poiblí le*** heagraíochtaí neamhrialtasacha ***ar choinníollacha uile gach comórtais oscailte agus go bhformheasann Comhairle*** na ***hInstitiúide Náisiúnta um Shaoirse iad freisin sula bhfógrófar gach comórtas oscailte; á chur i bhfáth go bhfuil sé de cheart ag gach eagraíocht neamhrialtasach agus ag gach comhghuaillíocht eagraíochta neamhrialtasaí a gcuid barúlacha agus leasuithe ar an gcairt a chur isteach; ag tabhairt le fios go bhfuil na critéir incháilitheachta iolraíoch agus go n-áirítear leo gach duine, agus go bhféadfaidh grúpaí uile na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a chomhlíonann an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 3*** den ***Ghníomh maidir le leas an phobail agus saorálaíochas iarratas a dhéanamh*** |

***ar dheontais***;

[95] Ustawa z dnia 15 września 2017 r. o Narodowym Instytucie Wolności - Centrum Rozwoju Społeczeństwa Obywatelskiego (Dz.U. 2017 poz. 1909).

[96] ESCE/ODIHR, Tuairim maidir le Dréacht-Ghníomh na Polainne i ndáil le hInstitiúid Náisiúnta um Shaoirse - Ionad um Fhorbairt na Sochaí Sibhialta, Vársá, 22 Lúnasa 2017.

[97] CESE, Tuarascáil maidir le cearta Bunúsacha agus an smacht reachta: forbairtí náisiúnta ó dhearcadh na sochaí sibhialta 2018-2019, Meitheamh 2020, lch. 41-42.

[98] CESE, Preasráiteas "Brú imníoch ar an tsochaí shibhialta: Díoltas rialtais dírithe ar chomhalta Polannach de CESE agus níl ENRanna in ann a n-iarrthóirí féin a roghnú a thuilleadh", an 23 Meitheamh 2020.

Or. en

**Leasú 103**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Fo-cheannteideal 22**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Príobháideacht agus cosaint sonraí*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 104**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 51**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 51. ***ag cur a conclúide in iúl an athuair a leagtar amach ina rún an 14 Meán Fómhair 2016 nach bhfuil na coimircí nós imeachta agus coinníollacha ábhartha a leagtar síos*** i nGníomh an 10 Meitheamh 2016 maidir le ***gníomhaíochtaí fríthsceimhlitheoireachta*** agus i nGníomh ***an 6 Aibreán 1990*** maidir leis na póilíní[99]***, arna leasú, le haghaidh chur chun feidhme faireachais rúnda leordhóthanach chun a úsáid iomarcach nó cur isteach gan údar ar phríobháideachas agus*** cosaint ***sonraí daoine aonair a chosc, lena n-áirítear an freasúra agus ceannairí na sochaí sibhialta***[100] ***; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an reachtaíocht sin maidir lena comhoiriúnacht le Dlí an Aontais, agus á áitiú ar údaráis na Polainne príobháideachas na saoránaigh uile a urramú go hiomlán***; | 51. ***á chur i bhfáth go soláthraítear le*** Gníomh an 10 Meitheamh 2016 maidir le gníomhaíochtaí frithsceimhlitheoireachta ***bunús dlí do réitigh chórasacha arna nglacadh sa Pholainn i réimse na ngníomhaíochtaí frithsceimhlitheoireachta, agus go bhfuil na forálacha atá ann dírithe, inter alia, ar na húdaráis agus na heintitis eile a chumasú chun go bhféadfaidh siad gníomhú go héifeachtach agus go comhréireach i gcoinne bagairtí sceimhlitheoireachta***; ***ag tabhairt le fios, dá bhrí sin, nach dtagraíonn na forálacha arna nglacadh sa Ghníomh sin maidir leis na féidearthachtaí a bhaineann le faireachán oibríochtúil a dhéanamh ach do dhuine a bhfuil drochamhras ann ina leith go mbíonn sé nó sí ag gabháil do ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta agus nach saoránach den Pholainn é nó í; á chur i bhfáth, ina theannta sin, sa Pholainn go ndéanann na húdaráis próiseáil faisnéise, lena n-áirítear sonraí pearsanta, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i bhforálacha Ghníomh an 14 Nollaig 2018 maidir le cosaint sonraí pearsanta a phróiseáiltear i ndáil le coireacht a chosc agus a chomhrac*** agus i ndáil le Gníomh an ***5 Lúnasa 2010*** maidir le ***faisnéis rúnaicmithe a chosaint, chomh maith leis na rialacha lena*** |

***rialaítear*** na húdaráis ***aonair; ag tabhairt le fios go bhfuil na rialacha a leagtar síos sna Gníomhartha réamhluaite i gcomhréir le caighdeáin dhlí an Aontais a bhunaítear leis an ábhar seo, lena n-áirítear Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]; sonraítear, de bhun Airteagal 20 de Ghníomhartha an 4 Aibreán 1990 maidir le póilíní, go bhfuil an ceart ag na póilíní faisnéis a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta, i gcomhréir lena gcúraimí reachtúla agus faoi réir srianta rialála ag tabhairt le fios nach bhféadfar faireachán oibríochtúil (faireachas ceilte) a dhéanamh ach amháin le toiliú na cúirte, ar choinníoll go bhfuil sé d'aidhm leis déantóirí na coire a bhrath agus a shainaithint, mar aon le fianaise arna n-urghabháil trí ionchúiseamh poiblí a fháil agus a chomhdhlúthú, ar choireanna d'aon ghnó a leagtar amach in Airteagal 19(1), pointí 1-9 den Acht sin, agus ar choinníoll gur léir go bhfuil bearta eile neamhéifeachtach nó nach mbeidh siad úsáideach; ag tabhairt le fios go gceadaítear leis an nGníomh, i gcásanna práinneacha, dá bhféadfadh sé tarlú go gcailleofaí faisnéis nó go ndéanfaí fianaise ar choir a scriosadh nó a dhíothú, go bhféadfadh na póilíní, le toiliú i scríbhinn ón ionchúisitheoir inniúil, an ceart sin a fheidhmiú gan toiliú na cúirte; ag tabhairt dá haire go bhfuil oibleagáid orthu mar sin féin iarratas a chur chuig an gcúirt ag an am céanna chun foráil iomchuí a eisiúint chuige sin; ag tabhairt le fios, mura dtugann an chúirt a toiliú laistigh de chúig lá ó dháta an ordaithe um rialú oibríochtúil, nach mór é a chur ar fionraí agus nach mór na hábhair a bhailítear le linn an rialaithe a thaifeadadh sna miontuairiscí, ar choinníoll go ndéantar a ndíothú a thaifeadadh; ag tabhairt dá haire go bhfuil an prionsabal atá á chur i bhfeidhm ar cheann de phrionsabail an athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus***

***ionchúisimh;***

[99] Ustawa z dnia 6 kwietnia 1990 r. o Policji (Dz.U. 1990 nr 30 poz. 179).

[100] Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (HRC), Breithnithe deiridh maidir leis an seachtú tuarascáil thréimhsiúil faoin bPolainn, 23 Samhain 2016, míreanna 39 -40. Féach, freisin, an Teachtaireacht ó Shaineolaithe na Náisiún Aontaithe ag tathant ar an bPolainn rannpháirtíocht shaor agus iomlán ag cainteanna aeráide a áirithiú, an 23 Aibreán 2018.

***[1a] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).***

Or. en

**Leasú 105**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 52**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***52. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur aistrigh Aireacht Gnóthaí Digiteacha na Polainne sonraí pearsanta ón gCóras Leictreonach Uilíoch do Chlárú an Daonra (an 'clár PESEL' anseo feasta) go dtí an t-oibritheoir poist an 22 Aibreán 2020, chun eagrú an toghcháin uachtaránachta an 10 Bealtaine 2020 trí phostbhallóid a éascú, gan an bunús dlí ceart chun é sin a dhéanamh, ós rud é nár ghlac parlaimint na Polainne le bille ag ceadú do thoghchán atá go hiomlán tríd an bpost go dtí an 7 Bealtaine 2020; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nach comhionann clár PESEL agus an clár toghthóirí agus, freisin, le clár PESEL áirítear sonraí pearsanta saoránach ó Bhallstáit eile, agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh an t-aistriú thuasluaite a bheith ina shárú féideartha ar Rialachán (AE) 2016/679; á mheabhrú gur luaigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí go bhféadfadh udaráis phoiblí faisnéis faoi dhaoine aonair atá ar liostaí na dtoghthóirí a nochtadh, ach amháin nuair atá sé údaraithe go sonrach ag dlí náisiúnta[101] ; ag tabhairt dá haire gur rinne Coimisinéir na Polainne um Chearta an Duine gearán leis an gCúirt Riaracháin Chúigeach i Vársá ar bhonn shárú féideartha ar Airteagail 7 agus 51 de Bhunreacht na Polainne ag Aireacht*** | ***scriosta*** |

***Gnóthaí Digiteacha na Polainne;***

---

***[101] EDPB, litir maidir le nochtadh sonraí thoghchán uachtaránachta na Polainne, an 5 Bealtaine 2020.***

Or. en

**Leasú 106**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Fo-cheannteideal 23**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| Oideachas ***cuimsitheach gnéis*** | Oideachas |

Or. en

**Amendment 107**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 53**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 53. ***á chur in iúl an athuair, mar a rinne sí cheana ina rún an 14 Samhain 2019, gur cúis mhór bhuartha di, agus gur cúis mhór bhuartha do Choimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine***[102] , an dréacht-***dlí lena leasaítear Airteagal 200b de*** Chód Pionósach ***na Polainne, a tíolacadh leis an tionscnamh*** 'Cuir Deireadh le Péidifilia', ***mar gheall ar na forálacha an-doiléire, an-leathana agus an-neamhréireacha atá ann, lena bhféachtar, de facto, le scaipeadh an ghnéas***oideachais ***do mhionaoisigh a choiriúlú, rud a bhféadfadh sé go mbeadh a raon feidhme ina bhagairt ar gach duine, go háirithe tuismitheoirí, múinteoirí agus gnéasoideoirí, agus téarma príosúnachta suas le trí bliana á ghearradh as bheith ag múineadh faoi ghnéasacht an duine, faoin tsláinte agus faoi dhlúthchaidrimh***; | 53. ***á chur i bhfáth gurb é an tionscnamh ó na saoránaigh*** 'Cuir Deireadh le Péidifilia' a dhréachtaigh an dréacht***leasú*** ar an gCód Coiriúil ***agus go ndéantar tagairt ann do choiriúlú cur chun cinn iompair péidifilia; ag cur béim ar an bhfíoras nach ionann é sin agus coiriúlú an*** oideachais, ***ach gur cosc ar chur chun cinn péidifilia atá ann;*** |

[102] Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, Ráiteas an 14 Aibreán 2020.

Or. en

**Leasú 108**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 54**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 54. ***á chur i bhfáth go bhfuil oideachas gnéasachta agus caidrimh atá cuimsitheach, oiriúnach ó thaobh aoise de agus fianaise-bhunaithe ríthábhachtach chun scileanna daoine óga a thógáil chun caidrimh fholláine, chomhionanna, chothaitheacha agus shábháilte a chruthú, ar caidrimh iad atá saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean; á chreidiúint go bhfuil tionchar dearfach, freisin, ag*** oideachas ***gnéasachta atá cuimsitheach ar thorthaí a bhaineann le comhionannas inscne, lena n-áirítear trí noirm agus dearcthaí díobhálacha inscne a athrú ó bhonn i leith foréigin inscnebhunaithe, lena gcuidítear cosc a chur ar fhoréigean páirtí dlúthchaidrimh agus ar chomhéigean gnéis, ar homafóibe agus ar trasfóibe, labhairt amach faoi fhoréigean gnéasach, teacht i dtír nó mí-úsáid ghnéasach, agus cumhacht a thabhairt do dhaoine óga chun cabhair a lorg***; ***á iarraidh ar Pharlaimint na Polainne staonadh ón dréacht-dlí atá beartaithe arna leasú Airteagal 200b de Chód Pionósach na Polainne agus á iarraidh go láidir ar údaráis na Polainne rochtain ar*** oideachas ***gnéasachta atá cuimsitheach, fianaise-bhunaithe agus cruinn do leanaí scoile uile a áirithiú i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus go dtacófar*** | 54. ***á mheabhrú nach mór don Aontas, i gcomhréir le CFAE, 'freagracht na mBallstát i leith inneachar an teagaisc agus eagrúchán an chórais oideachais' a urramú go hiomlán agus, ag an am céanna, go bhfuil sé de chúram air tacú le forbairt an*** oideachais agus í sin ***a chomhlánú agus a chomhordú;*** |

***leo siúd a sholáthraíonn oideachas agus faisnéis den sórt sin ar bhealach fíorasach agus oibiachtúil***;

Or. en

**Leasú 109**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Fo-cheannteideal 24**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 110**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 55**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 55. á mheabhrú, ***i gcomhréir leis an gCairt, leis an ECHR agus le cásdlí na Cúirte*** Eorpaí ***um Chearta an Duine, go mbaineann sláinte ghnéis agus atáirgthe na mban le hiliomad de chearta an duine, lena n-áirítear an ceart chun beatha agus dínit, saoirse ó íde atá mídhaonna agus táireach, an ceart chun rochtain ar chúram sláinte, an ceart chun príobháideachais, an ceart chun oideachais agus toirmeasc ar idirdhealú, mar a léirítear i mBunreacht na Polainne, freisin; á mheabhrú gur cháin*** an Pharlaimint ***go láidir ina rún an 15 Samhain 2017, aon togra reachtach lena ndéanfaí ginmhilleadh a chosc i gcásanna dianlagaithe nó lagaithe féatais, rud a chuirfeadh teorainn ollmhór nó cosc beagnach go hiomlán ó thaobh na praiticiúlachta de ar rochtain ar chúram ginmhillte sa Pholainn ós rud é gur ar an bhforas sin a dhéantar an chuid is mó de ghinmhilltí dleathacha[103], agus leagadh béim ar an bhfíoras gur ceart bunúsach de chuid an duine í rochtain uilíoch ar chúram sláinte, lena n-áirítear cúram sláinte gnéis agus atáirgthe agus na cearta bainteacha[104] ; á chur in iúl gurb oth léi na leasuithe atá molta[105] ar an Gníomh an 5 Nollaig 1996 maidir le dochtúirí agus fiaclóirí[106], faoi nach mbeadh dualgas dlíthiúil ar dhochtúirí a*** | 55. á mheabhrú ***sa rún ó*** Pharlaimint na hEorpa ***an 10*** Nollaig ***2013 maidir le*** sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe [1a] ***go dtugtar faoi deara*** gur ***inniúlacht de chuid na mBallstát beartais maidir le SRHR agus gnéasoideachas i scoileanna a cheapadh agus*** a chur chun feidhme; |

***thuilleadh saoráid nó cleachtóir eile a chur in iúl i gcás seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe a dhiúltú mar gheall ar chreideamh pearsanta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di úsáid an chlásail choinsiasa, lena n-áirítear easnamh sásraí atreoraithe iontaofa agus easpa achomharc tráthúil do mhná a ndiúltaítear seirbhísí den sórt sin dóibh; á iarraidh ar Pharlaimint na Polainne staonadh ó aon iarrachtaí eile a dhéanamh chun srian a chur ar*** shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe ***na mban***; ***á athdhearbhú go láidir gur cineál foréigin i gcoinne na mban agus na gcailíní is ea séanadh na seirbhísí agus cearta sláinte gnéis agus atáirgthe***; ***á iarraidh ar údaráis na Polainne bearta a dhéanamh chun go gcuirfí na breithiúnais a thug Cúirt Eorpach um Chearta an Duine i gcásanna i gcoinne na Polainne chun feidhme go hiomlán, ar cúirt í a rialaigh roinnt mhaith uaireanta go ndéanann dlíthe sriantacha maidir le ginmhilleadh agus easpa*** cur chun feidhme ***cearta an duine do mhná a shárú107***;

___

***[1A] Téacsanna arna nglacadh, P7_TA(2013)0548.***

___

*[103]* In 2017, b'ionann ginmhilleadh de bharr máchailí féatais agus 97.9 faoin gcéad de chóireálacha ar fad: an tIonad do Chórais Faisnéise Sláinte, tuarascálacha Clár Taighde Staitistiúil de Staidreamh Poiblí MZ-29, mar a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Sejm na Polainne. Sprawozdanie Rady Ministrów z wykonywania oraz o skutkach stosowania w 2016 r. ustawy z dnia 7 stycznia 1993 r. o planowaniu rodziny, ochronie płodu ludzkiego i warunkach dopuszczalności przerywania ciąży (Dz. U. poz. 78, z późnn. zm.).

*[104]* Féach, freisin, an páipéar saincheiste ó Choimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine dar teideal 'Sláinte agus Cearta gnéis agus atáirgthe na mBan san

Eoraip’, Nollaig 2017; Ráiteas an 22 Márta 2018 ó Shaineolaithe na Náisiún Aontaithe arna mholadh do Mheitheal NA maidir le hidirdhealú i gcoinne na mban, agus Ráiteas an 14 Aibreán 2020 ó Choimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine.

[105] Ustawa z dnia 16 lipca 2020 r. o zmianie ustawy o zawodach lekarza i lekarza dentysty
oraz niektórych innych ustaw (not yet published in the Official Journal).

[106] Ustawa z dnia 5 grudnia 1996 r. o zawodach lekarza i lekarza dentysty (Dz.U. 1997 nr 28 poz. 152).

[107] Breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine an 20 Márta 2007, Tysiąc v. an Pholainn (iarratas uimh. 5410/03); Breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine an 20 Márta 2007, R. R v An Pholainn (uimh. iarratais 27617/04); Breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine an 30 Deireadh Fómhair 2012, P agus S v An Pholainn (uimh. iarratais 57375/08);

Or. en

11.9.2020 A9-0138/111

**Leasú 111**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 56**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 56. á mheabhrú, ***maidir le hiarrachtaí roimhe seo chun an ceart chun ginmhillte a theorannú tuilleadh, ar cheart é a bhfuil an Pholainn ar cheann na tíortha is mó ina bhfuil sé srianta, gur cuireadh stop leis na hiarrachtaí sin in 2016 agus in 2018 mar thoradh ar chur i gcoinne na n-iarrachtaí sin ag líon mór saoránach de chuid na Polainne, mar a cuireadh in iúl é sna 'Mórshiúlta Dubha'***; ***á iarraidh go láidir go mbreathnódh udaráis na Polainne ar an dlí lena gcuirtear teorainn ar rochtain na mban agus na gcailíní ar an bpiollaire frithghiniúnach éigeandála a aisghairm;*** | 56. ***á chur i bhfáth gur tionscnamh ó na saoránaigh é an togra maidir le ginmhilleadh, agus nach tionscnamh rialtais é, agus gur thíolaic grúpa de 100 000 duine ar a laghad, a bhfuil teidlíocht acu, an togra an 30 Samhain 2017 agus gur thionscain Coiste an Tionscnaimh Reachtaigh 'Cuir Deireadh leis an nGinmhilleadh' é;*** á mheabhrú***, i gcomhréir leis na rialacháin atá i bhfeidhm, gur tíolacadh an tionscadal chun críche gníomhaíochta parlaimintí, agus go bhfuil sé ar an gclár oibre le breis agus dhá bhliain go leith***; |

Or. en


Aontaithe san éagsúlacht